# Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

**Ráiteas um Chumhdach Leanaí - Arna Leasú Márta 2021**

Ráiteas um Chosaint agus Leas Leanaí

Cuireann **Leabharlann Náisiúnta na hÉireann** (an Leabharlann) seirbhísí ar fáil do leanaí agus le haghaidh leanaí agus táimid tiomanta do chur chuige leanbhláraithe i ngach a ndéanaimid le leanaí agus le daoine óga. De réir Straitéis na Leabharlainne, 2016 -2021, tá 'fáil chothrom, shábháilte do chách' ar ghné amháin de chroífheidhmeanna na leabharlainne. Is gné lárnach de Chlár Foghlama agus For-Rochtana na Leabharlainne é go léirítear meas gan choinníoll ar leanaí (agus ar an bhfoireann) agus go gcoinnítear slán ó dhíobháil iad agus ár seirbhísí á n-úsáid acu.
Aithnímid a thábhachtaí atá sé a chinntiú go gcothaíonn idir an cleachtas agus an t-iompar laistigh dár n-eagraíocht timpeallacht shábháilte ina gcuirtear seirbhísí taitneamhacha den scoth ar fáil do leanaí agus ina dtugtar tús áite do leas an linbh/an duine óig.

Cuirfimid beartais agus nósanna imeachta um chosaint leanaí i bhfeidhm sa chaoi go gcloífimid le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017. D'fhonn na páirtithe ar fad a chosaint, cuirfear baill foirne/údair/ealaíontóirí/éascaitheoirí agus eagraíochtaí eile atá ag obair sa Leabharlann ar an eolas faoin mBeartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint agus Leas Leanaí, faoin gCód Iompair agus faoi na Treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta atá i bhfeidhm ag an Leabharlann maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a bhaineann le leanaí agus le daoine óga.

1. **Nádúr na seirbhísí atá á gcur ar fáil:** Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, is seirbhís iomchuí í an Leabharlann de bharr go ndéanann sí: *'Obair nó gníomhaíocht arb é atá inti ná (a) gníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiciúla do leanaí.'* Clár samhraidh bliantúil i mí Iúil gach bliain, a mbíonn ceardlanna seachtainiúla ina gcuid de agus a bhféadfadh bealach trí chuid ainmnithe den leabharlann a bheith ina chuid de freisin. *Hands on History*: ceardlann dhá lá do dhaltaí iar-bhunscoile atá ag gabháil don Stair; turais threoraithe ar thaispeántais de chuid na Leabharlainne le ball den Fhoireann Foghlama do ghrúpaí bunscoile agus iar-bhunscoile; Seisiún 'Tús Eolais ar an Leabharlann' do dhaltaí idirbhliana agus do dhaltaí atá ag gabháil don Stair san Ardteistiméireacht; Cuairteanna údair mar chuid de chláir chomhoibríocha (*City Wide Read*, Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath); Buail Isteach Déardaoin – uair an chloig ghníomhaíochta do theaghlaigh gach Déardaoin i mí Iúil agus ar bhristeacha lár téarma le linn na bliana.

2. **Nádúr na seirbhíse agus na prionsabail le leanaí a chumhdach in aghaidh díobhála** (cuntas gairid ar ár seirbhís, ar a ndéanaimid agus ar an dúthracht a chaithimid le leanaí a chumhdach):

**Ceardlanna poiblí:** Is iondúil go mbíonn **siad seo** oscailte do dhaoine atá idir 5 bliana agus 12 bhliain d'aois. I measc na n-imeachtaí bíonn ceardlanna - *Catchy captions (ceardlann nuachtáin), The Bigger Picture: Old Maps in the National Library, Miss Battersby's Birds - Flapping good fun! , Children's coat of arms* agus *Dear Clúdach Leabhair – Ceardlann Dhátheangach*. Nuair is cuí, bíonn ceardlanna dírithe ar aoisghrúpa ar leith. Uaireanta eile, roinntear an grúpa de réir aoise agus sanntar baill foirne do gach grúpa. Bíonn beirt bhall d'fhoireann na Leabharlainne (agus fáil ar bhall foirne eile, más gá) i láthair ag na ceardlanna sin go léir agus éilítear ar an duine fásta atá in éineacht leis an leanbh (tuismitheoir, seantuismitheoir, feighlí) fanacht sa spás a bhfuil an cheardlann ar siúl ann.

***Hands on History*:** Toisc go gcaithfear an cheardlann seo a chur in áirithint, cuirtear sonraí teagmhála tuismitheora/caomhnóra ar fáil roimh ré agus bíonn fáil ag an bhfoireann orthu dá bharr sin. I gcás go mbeidh comhpháirtí/éascaitheoir seachtrach ag cur ceardlainne, nó cuid de cheardlann, ar fáil,

beidh ball d'fhoireann foghlama agus for-rochtana na Leabharlainne sa spás i rith an tseisiúin, agus beidh fáil ar bhall foirne eile más gá.

***Poetry Aloud:*** Comórtas labhartha filíochta uile-Éireann is ea é seo a bhíonn ar siúl ó mhí Mheán Fómhair go mí na Nollag gach bliain. Reáchtálann an Leabharlann é i gcomhar le hÉigse Éireann. Bíonn réamhbhabhtaí réigiúnacha ar siúl i scoileanna agus

sa Leabharlann féin. Bíonn múinteoirí in éineacht leis na daltaí ag na réamhbhabhtaí réigiúnacha, ag an mbabhta leathcheannais agus ag an mbabhta ceannais. Bíonn tuismitheoir nó ball teaghlaigh eile in éineacht leis an rannpháirtí i gcás nach bhfuil an múinteoir ar fáil. Cuirtear sonraí teagmhála ar fáil mar chuid den nós imeachta déanta iarratais agus bíonn foirmeacha toilithe tuismitheora ag teastáil le bheith páirteach sa bhabhta ceannais toisc go mbíonn grianghraif/físeáin á nglacadh.

**Cuairteanna scoile:** Caithfidh múinteoirí agus cúntóirí a bheith in éineacht le grúpaí scoile agus ní mór dóibh a bheith i láthair i gcónaí agus iad sa Leabharlann. I gcás leanbh a bhfuil tacaíocht phearsanta de dhíth air/uirthi de dheasca breoiteachta, riachtanais fhisiciúla nó cineál ciaptha ar bith, tabharfaidh an múinteoir/an tuismitheoir/an cúntóir riachtanais speisialta atá in éineacht leis an leanbh sin aire dó/di. Ba cheart do mhúinteoirí foireann na Leabharlainne a chur ar an eolas más féidir leo aon rud a dhéanamh le rannpháirtíocht a éascú in aon imeacht de chuid na Leabharlainne.

3. **Measúnú Riosca**

Tá measúnú déanta againn ar aon riosca féideartha go ndéanfaí díobháil (de réir mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 í) do leanbh agus é nó í ag baint leas as ár seirbhísí. Seo thíos liosta de na réimsí riosca arna n-aithint agus liosta de na nósanna imeachta i gcomhair na rioscaí sin a bhainistiú.

| An riosca a aithníodh | An nós imeachta atá i bhfeidhm leis an riosca a aithníodh a bhainistiú |
|---|---|
| 1. Dul chuig an leithreas: baol go ndéanfadh duine den phobal díobháil don leanbh má ligtear dó/di dul chuig an leithreas leis/léi féin | Déanann an fhoireann cinnte de go mbíonn tuismitheoir/múinteoir/caomhnóir in éineacht leis an leanbh i ngach áit sa Leabharlann. (An Beartas um Chosaint Leanaí) |
| 2. Riosca mí-úsáide nó díobhála má fhágtar leanbh ina (h)aonar le ball foirne | Caithfidh tuismitheoir/múinteoir/caomhnóir a bheith in éineacht leis na leanaí agus iad sa Leabharlann. Tugtar treoir don fhoireann dá réir sin de réir an Bheartais um Chosaint Leanaí. Cuirtear oiliúint um Chosaint Leanaí ar fáil. TCI i bhfeidhm in áiteanna tábhachtacha sa Leabharlann. |
| 3. Go ndéanfadh duine den phobal díobháil do leanbh agus é nó í sa leabharlann | Ní cheadaítear do dhaoine fásta nach bhfuil in éineacht le leanbh dul isteach i spás na ceardlainne (nós imeachta cead isteach/cur in áirithe i bhfeidhm) |
| 4. Riosca go ndéanfadh ball foirne bulaíocht | Tá nós imeachta bulaíochta i bhfeidhm. |
| 5. Imeachtaí do leanaí a chur chun cinn | Luaitear go soiléir san ábhar bolscaireachta gur ar leanaí/ar theaghlaigh atá an t-imeacht dírithe |
| 6. Rannpháirtíocht ar Líne | Déantar gníomhaíochtaí ar líne a mheas ó thaobh riosca de lena chinntiú go gcloítear leis an mBeartas um Chosaint Leanaí.<br>Ba cheart do bhaill foirne cloí leis an gcód iompair céanna a leagtar amach sa Bheartas um Chosaint Leanaí agus sa ráiteas |

| | |
|---|---|
| | seo bíodh an t-imeacht ar siúl sa spás fisiciúil nó go digiteach/ar líne.<br>Déantar na sonraí go léir a bhaineann le leanaí a chosaint de réir an Bheartais um Chosaint Leanaí agus an Bheartais um Chosaint Sonraí.<br>Lorgaítear cead i gcónaí sula nglactar grianghraif de leanaí agus iad sa Leabharlann agus ní úsáidfear grianghraif chun críche an Leabharlann a chur chun cinn ach amháin má bhíonn cead faighte chuige sin.<br>Níl aon rochtain ar an Idirlíon poiblí ar fáil do leanaí<br>Cloíonn an Leabharlann leis an mbeartas úsáide TFC |

## 4. Nósanna Imeachta

Cuireadh ár Ráiteas um Chumhdach Leanaí i dtoll a chéile i gcomhréir le ceanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* agus an treoir ó Tusla dar teideal *Child Safeguarding: A Guide for Policy, Procedure and Practice.* De bhreis ar na nósanna imeachta a leagtar amach inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas leis an rún atá againn leanaí a chumhdach fad is atá ár seirbhísí á n-úsáid acu:

- Nós imeachta um bhainistiú líomhaintí mí-úsáide nó mí-iompair in aghaidh baill foirne/oibrithe deonacha i leith leanbh atá ag úsáid ár seirbhíse
- Nós imeachta um earcú agus roghnú sábháilte ball foirne agus oibrithe deonacha a bheidh ag plé le leanaí
- Nós imeachta um oiliúint agus faisnéis um chosaint leanaí a sholáthar agus um fháil ar oiliúint agus faisnéis den sórt sin, lena n-áirítear sainaithint a dhéanamh ar tharlú díobhála
- Nós imeachta um ní is údar imní maidir le cosaint nó leas leanaí a thuairisciú do Tusla
- Nós imeachta um liosta a choinneáil de na daoine is daoine sainordaithe (más ann) sa tseirbhís iomchuí
- Nós imeachta um dhuine iomchuí a cheapadh

Tá gach ceann de na nósanna imeachta thuasluaite ar fáil ach iad a iarraidh.

## 5. Cur chun Feidhme

Aithnímid gur próiseas leanúnach é an cur chun feidhme. Tá an Leabharlann tiomanta don Ráiteas um Chumhdach Leanaí sin a chur chun feidhme, mar aon leis na nósanna imeachta a thacaíonn leis an rún atá againn leanaí a choinneáil slán sábháilte ó dhíobháil fad is atá ár seirbhís á húsáid acu. Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí gach dhá bhliain nó a luaithe a bheidh sé praiticiúil tar éis athrú ábhartha ar ábhar ar bith a mbaineann an ráiteas leis. Is i mí an Mhárta 2023 atá an chéad athbhreithniú eile le déanamh.

Tá an Ráiteas seo curtha ar fáil do gach duine d’fhoireann na Leabharlainne, do na hoibrithe deonacha agus d’aon duine eile a bhfuil baint aige nó aici leis an tseirbhís. Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le daoine den phobal teacht air go héasca ach é a iarraidh agus cuirfear ar taispeáint é áit a gcuirtear seirbhísí iomchuí ar fáil.

Síniú: ____________________________________________________________ (Soláthraí)

*Ainm agus sonraí teagmhála an tsoláthraí:* Sandra Collins, Stiúrthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Má bhíonn ceist agat, déan teagmháil le _________Bríd O'Sullivan______________ (Duine iomchuí de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015)

**Baineadh úsáid as an reachtaíocht agus as na treoirlínte seo a leanas le bonn eolais a chur faoi Ráiteas na Leabharlainne um Chumhdach Leanaí:**

An tAcht um Chúram Leanaí, 1991; an Bille um Thús Áite do Leanaí, 2014, *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* (2011); *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* (2017)
Aguisín le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí (Sábháilteacht ar Líne),* 2019

**Leanbh:** ciallaíonn 'leanbh' aon duine atá 17 mbliana d'aois nó faoina bhun. In Éirinn, sonraítear san Acht um Chúram Leanaí, 1991 gurb é is brí le leanbh ná aon duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois seachas duine atá nó a bhí

pósta. Cuimsíonn an sainmhíniú sin 'dalta' atá 17 mbliana d'aois nó faoina bhun, áit a n-úsáidtear an téarma sin sa ráiteas seo.

**Daoine Óga:** Ní dhéantar idirdhealú in Acht na Leanaí, 2001 idir leanbh agus duine óg. Ní ann a thuilleadh d'aon fhorálacha a rinneadh in Achtanna roimhe sin chun idirdhealú a dhéanamh idir aicmí éagsúla leanaí (mar shampla, daoine óga, mionaoisigh, agus leanaí). Ar mhaithe le soiléireacht sa Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí, áfach, déantar cur síos ar leanaí atá 16 bliana nó 17 mbliana d'aois mar 'Dhaoine Óga'.